# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1331 ÓN gCOMHAIRLE

## an 28 Iúil 2022

## lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2017/1509 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle an 30 Lúnasa 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 329/2007 ([1]), agus go háirithe Airteagail 47(2) agus 47(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 30 Lúnasa 2017, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2017/1509.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 47a(1) de Rialachán (AE) 2017/1509, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe a leagtar amach in Iarscríbhinní XV, XVI, XVII agus XVIII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Ba cheart na bearta sriantacha atá dírithe ar gach duine agus gach eintitis atá ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinní XV agus XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509, a choimeád, cé is moite de dhuine éagtha amháin a ainmnítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 agus ar cheart a iontráil a bhaint den Iarscríbhinn sin. Ba cheart an ráiteas ar na cúiseanna atá le 17 nduine agus le heintiteas amháin, agus an fhaisnéis aitheantais maidir le 59 duine agus cúig eintiteas a nuashonrú.

(4) An 30 Meitheamh 2022, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1718 (2006) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an fhaisnéis a bhaineann le duine amháin sa liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 a nuashonrú.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2017/1509 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní XIII, XV agus XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK

([1]) IO L 224, 31.8.2017, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

(1) In Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509, faoin gceannteideal "Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 34(1) agus 34(3)", fo-cheannteideal "(a) Daoine nádúrtha", cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 29:

| | Ainm | Ainm eile | Dáta breithe | Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe | Ráiteas ar chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| "29. | Pak Chun Il | | Pas: 563410091;<br>Dáta breithe: 28.7.1954;<br>Náisiúntacht: DPRK | 30.11.2016 | Ba Ambasadóir DPDC chun na hÉigipte é agus tugann sé tacaíocht do KOMID. Chríochnaigh sé a thuras dualgais agus d'fhág sé an Éigipt an 15 Samhain 2016." |

(2) Leasaítear Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal "Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 34(1) agus 34(3)", fo-cheannteideal "(a) Daoine nádúrtha atá ainmnithe i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 34(4)", cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1, 3 go 13 agus 16 go 31:

| | Ainm | Ainm eile | Faisnéis aitheantais | Dáta an ainmniúcháin | Ráiteas ar chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| "1. | CHON Chi Bu<br>전지부 | CHON Chi-bu | Inscne: fireann | 22.12.2009 | Comhalta den General Bureau of Atomic Energy, iarstiúrthóir teicniúil Yongbyon. Léirigh grianghraif go raibh baint aige le himoibreoir núicléach sa tSiria sular bhuamáil Iosrael é in 2007. |
| 3. | O Kuk-Ryol<br>오극렬 | O Kuk Ryol | Dáta breithe: 7.1.1930<br>Áit bhreithe: Jilin Province, an tSín.<br>Inscne: fireann | 22.12.2009 | Ginearál sa Korean People"s Army, iar-Leas-Chathaoirleach an National Defence Commission, a bhí ina chomhlacht lárnach do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC, atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ardteicneolaíocht a fháil ó thíortha eile le haghaidh cláir núicléacha agus bhalaistíocha. Iar-Chomhalta den Workers' Party of Korea, Central Committee. |
| 4. | PAK Jae-gyong<br>박재경 | PAK Chae-Kyong<br>PAK Jae Gyong | Dáta breithe: 10.6.1933<br>Pasuimhir: 554410661<br>Inscne: fireann | 22.12.2009 | Ginearál sa Korean People's Army. Iar-Leas-Stiúrthóir an General Political Department of the People's Armed Forces agus iar-Leas-Stiúrthóir an General Political Department of the Logistics Bureau of the People's Armed Forces (comhairleoir míleata Kim Jong-Il nach maireann). I láthair ag iniúchadh KIM Jong Un ar an Strategic Rocket Force Command in 2012. Iarchomhalta den Central Committee of the Workers' Party of Korea. Uachtarán an Korean Committee of Veterans against Imperialism. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 5. | RYOM Yong<br>렴영 | | Inscne: fireann | 22.12.2009 | Stiúrthóir an General Bureau of Atomic Energy (eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe), i gceannas ar chaidreamh idirnáisiúnta. |
| 6. | SO Sang-kuk<br>서상국 | SO Sang Kuk | Dáta breithe: 30.11.1938<br>Inscne: fireann | 22.12.2009 | Ceann ar Department of Nuclear Physics, Kim Il Sung University. |
| 7. | KIM Yong Chol<br>김영철 | KIM Yong-Chol; KIM Young-Chol; KIM Young-Cheol; KIM Young-Chul | Dáta breithe: 1946<br>Áit bhreithe: Pyongan-Pukto, DPRK<br>Inscne: fireann | 19.12.2011 | Comhalta den Workers' Party of Korea Central Political Bureau agus den State Affairs Commission of the Democratic People's Republic of Korea agus bhí sé mar Stiúrthóir ar United Front Department go dtí mí an Mheithimh 2022. Iarcheannasaí an Reconnaissance General Bureau (RGB), eintiteas atá faoi réir smachtbhannaí ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. |
| 8. | CHOE Kyong-song<br>최경성 | CHOE Kyong song | Dáta breithe: 1945<br>Inscne: fireann | 20.5.2016 | Cornal Ginearál sa Korean People's Army. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. |
| 9. | CHOE Yong-ho<br>최용호 | CHOE Yong Ho | Inscne: fireann | 20.5.2016 | Cornal Ginearálta sa Korean People's Army/Ginearál sa Korean People's Army Air Force. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Ceannasaí an Korean People's Army Air Force agus an fhórsa Fhrith-aerárthaigh. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. |
| 10. | HONG Sung-Mu<br>홍승무 | HONG Sung Mu | Dáta breithe: 1.1.1942<br>Inscne: fireann | 20.5.2016 | Leas-stiúrthóir an Munitions Industry Department (MID). Tá MID – a d'ainmnigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2016 – rannpháirteach i ngnéithe lárnacha de chlár diúracán DPDC. Tá MID freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt dhiúracáin bhailistíocha DPDC, lena n-áirítear cláir thaighde agus forbartha. Sa cháil sin dó, tá Hong freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. Chonaic sé an diúracán balaistíoch idir-ilchríochach (ICBM) Hwasong-15 á lainseáladh an 28 Samhain 2017. Ghlac sé páirt i gcruinniú den Central Military Commission of the Korean Worker's Party i mí Iúil 2020, a bhí dírithe ar 'díspreagadh cogaí', sofhriotal a úsáidtear chun tagairt do chlár núicléach DPDC. Atofa ar an Party Central Committee i mí Eanáir 2021. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 11. | JO Kyongchol<br>조경철 | JO Kyong Chol | Inscne: fireann | 20.5.2016 | Ginearál sa Korean People's Army. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Stiúrthóir an Military Security Command. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. I dteannta Kim Jong Un don druil dóiteáin airtléire fadraoin is mó riamh. Atofa ar an Party Central Committee i mí Eanáir 2021. |
| 12. | KIM Chun-sam<br>김춘삼 | KIM Chun Sam | Inscne: fireann | 20.5.2016 | Leifteanant-Ghinearál, iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Iar-Stiúrthóir ar Operations Department of the Military Headquarters of the Korean People's Army agus an chéad leas-cheannaire ar an gCeanncheathrú Mhíleata. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. |
| 13. | KIM Chun-sop<br>김춘섭 | KIM Chun Sop | Inscne: fireann | 20.5.2016 | Iar-stiúrthóir ar an Munitions Industry Department (MID). Tá MID – a d'ainmnigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2016 – rannpháirteach i ngnéithe lárnacha de chlár diúracán DPDC. Tá MID freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt dhiúracáin bhailistíocha DPDC, lena n-áirítear cláir thaighde agus forbartha. Iarchomhalta den National Defence Commission, ar chomhlacht lárnach do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC é. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. Bhí sé i láthair ag seisiún grianghraf dóibh siúd a rannchuidigh le tástáil rathúil diúracáin bhailistíoch a lainseáladh faoi uisce i mí Bealtaine 2015. |
| 16. | KIM Won-hong<br>김원홍 | KIM Won Hong | Dáta breithe: 7.1.1945<br>Áit bhreithe: Pyongyang, DPRK<br>Uimhir an phas: 745310010<br>Inscne: fireann | 20.5.2016 | Ginearál an Korean People's Army. Iar-Chéad-Leas-Stiúrthóir ar an General Political Department of the Korean's People's Army. Iar-Stiúrthóir an State Security Department. Iar-Aire Slándála Stáit. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea agus den National Defence Commission, ar chomhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 17. | PAK Jong-chon<br>박정천 | PAK Jong Chon | Inscne: fireann | 20.5.2016 | Comhalta den Presidium of the Political Bureau of the Central Committee of the Workers' Party, Leas-Chathaoirleach ar an Central Military Commission, Rúnaí an Central Committee of the Worker's Party of Korea agus Comhalta den State Affairs Commission. Marascal agus iar-Cheann Foirne Ginearálta. Rinne sé an t-athbhreithniú foirmiúil ag mórshiúl míleata an 25 Aibreán 2022, rud a thugann le fios, in éineacht lena chúraimí reatha, an ról leanúnach atá aige i gcláir DPDC a bhaineann le hairm núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile agus an fhreagracht atá air i ndáil le tacú leis na cláir sin nó iad a chur chun cinn. Tofa ar an Party Central Committee, an Political Bureau of the Central Committee agus an Central Military Commission i mí Eanáir 2021. |
| 18. | LI Yong-ju<br>리용주 | RI Yong Ju | Inscne: fireann | 20.5.2016 | Aimiréal an Korean People's Army. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, ar comhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Iar-Ardcheannasaí ar an Korean People's Navy, atá rannpháirteach i bhforbairt clár diúracán bailistíoch agus i bhforbairt acmhainneachtaí núicléacha fhórsaí cabhlaigh DPDC. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. |
| 19. | SON Chol-ju<br>손철주 | SON Chol Ju | Inscne: fireann | 20.5.2016 | Cornal Ginearál sa Korean People's Army. Leas-Stiúrthóir ar Guidance Bureau of the Korean People's Army General Political Bureau agus iar-Stiúrthóir Polaitiúil ar na Air and Anti-Air Forces, a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt roicéad frith-aerárthaigh nuachóirithe. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. Bhí Son liostaithe mar rannpháirtí i gcruinniú den Central Military Commission i mBealtaine 2020 mar Leas-Stiúrthóir a bhí freagrach as an Korean People's Army a eagrú. |
| 20. | YUN Jong-rin<br>윤정린 | YUN Jong Rin | Inscne: fireann | 20.5.2016 | Ginearál sa Korean People's Army, iarcheannasaí ar an Supreme Guard Command. Iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea, agus comhalta den National Defence Commission, ar chomhlacht lárnach é do chúrsaí cosanta náisiúnta i DPDC. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 21. | HONG Yong Chil<br>홍영칠 | | Inscne: fireann | 20.5.2016 | Leas-Stiúrthóir an Munitions Industry Department (MID). Tá MID – a d'ainmnigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 2 Márta 2016 – rannpháirteach i ngnéithe lárnacha de chlár diúracán DPDC. Tá MID freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt dhiúracáin bhailistíocha DPDC, lena n-áirítear cláir thaighde agus forbartha. Tá an Second Economic Committee agus an Second Academy of Natural Sciences — a ainmníodh freisin i mí Lúnasa 2010 – faoi réir MID. Rinneadh cur síos ar Hong in 2019 mar dhuine de na príomhoifigigh i réimse na heolaíochta cosanta náisiúnta. |
| | | | | | Bhí sé in éineacht le Kim Jong Un ag ócáid scaoilte chineál nua armáin threoraithe oirbheartaíochta , agus le linn cigireacht a dhéanamh ar chineál nua fomhuireáin a bhí á dhéanamh. Bhí sé ar dhuine de na heolaithe a ndearna Kim Jong Un comhghairdeas leo in 2017 as diúracán balaistíoch idir-ilchríochach (ICBM) Hwasong-15 a lainseáil, agus bhreithnigh sé tástálacha inneall a rinneadh roimhe sin agus lainseálacha balaistíoch eile. In 2016, chuaigh sé in éineacht le Kim Jong Un chuig cruinniú le heolaithe inar pléadh taighde chun cinn chogaidh núicléacha diúracán oirbheartaíochta agus straitéiseach a chur ar bun. D'fhéadfadh sé go raibh ról suntasach aige i dtástáil núicléach DPDC an 6 Eanáir 2016. Sa cháil sin dó, tá sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. |
| 22. | RI Hak Chol<br>리학철 | RI Hak Chul; RI Hak Cheol | Dáta breithe: 19.1.1963 nó 8.5.1966<br>Uimhreacha na bpasanna: 381320634,<br>PS- 563410163<br>Inscne: fireann | 20.5.2016 | Uachtarán Green Pine Associated Corporation ('Green Pine'). De réir an UN Sanctions Committee in 2012, ghabh Green Pine chuige féin roinnt mhaith de ghníomhaíochtaí an Korea Mining Development Trading Corporation (KOMID). D'ainmnigh an Coiste KOMID i mí Aibreáin 2009 agus is é príomhdhéileálaí arm DPDC agus príomhonnmhaireoir earraí agus trealaimh a bhaineann le diúracáin bhailistíocha agus le gnáth-armáin. Tugadh ar aird chomh maith go raibh Green Pine freagrach freisin as tuairim is leath na n-arm agus na n-ábhar gaolmhar arna n-onnmhairiú ag DPDC. Sainaithníodh Green Pine le haghaidh smachtbhannaí as ucht airm nó ábhar gaolmhar a onnmhairiú ó DPDC. Is speisialtóireacht de chuid Green Pine é árthach agus armálacha míleata muirí, amhail fomhuireáin, báid mhíleata agus córais diúracán, a tháirgeadh agus d'onnmhairigh sé toirpéid chuig comhlachtaí san Iaráin a bhfuil baint acu le cúrsaí cosanta agus thug sé cúnamh teicniúil dóibh. Tá Green Pine ainmnithe ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 23. | YUN Chang Hyok<br>윤창혁 | | Dáta breithe: 9.8.1965<br>Inscne: fireann | 20.5.2016 | Leas-Stiúrthóir an Satellite Control Centre, National Aerospace Development Administration (NADA), ar thug Kim Jong Un cuairt air roimh an tástáil idir-ilchríochach diúracán bhalaistíocha (ICBM) an 24 Márta 2022. Tá NADA faoi réir smachtbhannaí faoi Rún 2270 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i ndáil le bheith rannpháirteach i bhforbairt na spáseolaíochta agus na spásteicneolaíochta, lena n-áirítear lainseálacha satailíte agus roicéid iompróra. Le Rún 2270 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe cáineadh lainseáil satailíte DPDC an 7 Feabhra 2016 as teicneolaíocht diúracán balaistíoch a úsáid agus Rúin 1718 (2006), 1874 (2009), 2087 (2013) agus 2094 (2013) a shárú go tromchúiseach. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. |
| 24. | RI Myong Su<br>리명수 | | Dáta breithe: 1937<br>Áit bhreithe: Myongchon, North Hamgyong, DPRK<br>Inscne: fireann | 7.4.2017 | Leas-Mharascal an Korean People's Army, an chéad leascheannasaí ar an Korean People's Army Supreme Command. Go dtí 2018, comhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea agus Ceann Foirne an People's Armed Forces. Príomhionadaí míleata ag sochraid stáit i mí na Bealtaine 2022, ach cuireadh síos air mar iarshaighdiúr i bparáid i mí Aibreáin 2022. Bhí tionchar ag Ri Myong Su ar chúrsaí cosanta náisiúnta, lena n-áirítear cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. Is comhalta den Supreme People's Assembly (SPA) é Ri le fada. |
| 25. | SO Hong Chan<br>서홍찬 | | Dáta breithe: 30.12.1957<br>Áit bhreithe: Kangwon, DPRK<br>Pas: PD836410105<br>Dáta éaga an phas: 27.11.2021<br>Inscne: fireann | 7.4.2017 | Iar-Chéad-Leas-Aire an People's Armed Forces, iar-Ard-Stiúrthóir an Rear Services Bureau agus iarchomhalta den Central Military Commission of the Workers' Party of Korea. Atofa ina chomhalta den Central Committee i mí Eanáir 2021. Sa cháil sin dó, tá So Hong Chan freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. |
| 26. | WANG Chang Uk<br>왕창욱 | | Dáta breithe: 29.5.1960<br>Inscne: fireann | 7.4.2017 | An tAire Tionscail agus Fuinnimh Adamhaigh, a cuireadh chun cinn é mar lánchomhalta de Workers' Party of Korea Central Committee i mí na Nollag 2021. Sa cháil sin dó, tá Wang Chang Uk freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 27. | JANG Chol<br>장철 | | Dáta breithe: 31.3.1961<br>Áit bhreithe: Pyongyang, DPRK<br>Pasuimhir: 563310042<br>Inscne: fireann | 7.4.2017 | Comhalta den State Physical Culture and Sports Guidance Commission agus iarUachtarán State Academy of Sciences, eagraíocht atá tiomanta d'acmhainneachtaí teicneolaíochta agus eolaíocha DPDC a fhorbairt. Sa dara cáil sin, bhí post straitéiseach ag Jang Chol chun gníomhaíochtaí núicléacha DPDC a fhorbairt. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as tacú le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile nó as na cláir sin a chur chun cinn. |
| 28. | KIM Su Gil<br>김수길 | KIM Su-Gil | Dáta breithe: 1950<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 21.4.2022 | Ina cháil mar Stiúrthóir ar Korean People's Army General Political Bureau idir 2018 agus 2021 agus ina Chomhalta den State Affairs Commission idir 2019 agus 2021, bhí sé freagrach as cinntí an Korean Workers' Party a chur chun feidhme, a bhain le cláir núicléacha agus bhalaistíocha a fhorbairt a sháraíonn Rúin 1718 (2006), 1874 (2009), 2087 (2013), 2094 (2013), 2270 (2016), 2321 (2016), 2356 (2017), 2371 (2017), 2375 (2017), agus 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. |
| 29. | JON Il Ho<br>전일호 | JON Il-Ho | Dáta breithe: 1955 nó 1956<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 21.4.2022 | Ina cháil mar 'leading official in the field of national defence science', tá ról mór aige i bhforbairt chláir armán ollscriosta DPDC agus is é atá freagrach as na cláir sin a fhorbairt. Fuair sé ardú céime go Coirnéal Ginearálta i mí Lúnasa 2019, fuair sé Duais Eolaíochta agus Teicneolaíochta mhí Feabhra 16, mar Stiúrthóir ar an Research Institute of Automation agus Stiúrthóir Institiúide ar an Kim Chaek University of Technology, agus Leas-Stiúrthóir ar Roinn den Central Committee of the Workers' Party, ghlac sé páirt ag na lainseálacha de dhiúracán balaistíoch idir-ilchríochach Hwasong-14 (ICBM) an 4 Iúil 2017 agus an 28 Iúil 2017, chomh maith leis an gcuid is mó de lainseálacha diúracán eile in 2017, 2019 agus Márta 2020. |
| 30. | JONG Sung Il<br>정승일 | JONG Sung-Il | Dáta breithe: 20.3.1961<br>Pasuimhir: 927240105<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 21.4.2022 | Ina cháil mar 'Senior Party Official' agus 'leading official in the field of national defence science', agus sainaitheanta ag Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe mar iar-Leas-Stiúrthóir ar Munitions Industry Department of the Central Committee of Workers' Party of Korea in 2017, tá ról mór aige i bhforbairt chláir armán ollscriosta DPDC, go háirithe diúracáin bhalaistíocha, agus tá sé freagrach as na cláir sin a fhorbairt. Bhí sé i láthair ag tástálacha idir-ilchríochach diúracáin bhalaistíocha Hwasong-14 (ICBM) an 4 Iúil 2017 agus an 28 Iúil 2017 agus ag lainseálacha diúracán balaistíoch/lainseálacha móra de Chóras Il-Roicéad Lainseála an 24 Lúnasa 2019 agus an 10 Meán Fómhair 2019. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 31. | YU Jin<br>유진 | YU Jin | Dáta breithe: 1960<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann | 21.4.2022 | Ina cháil mar Stiúrthóir ar an Munitions Industry Department agus mar Chomhalta Malartach de Political Bureau of the Central Committee of Workers' Party of Korea, tá sé freagrach as ról tábhachtach a ghlacadh i bhforbairt chláir armán ollscriosta DPDC, i réimsí núicléacha agus balaistíocha araon. Bhí sé in éineacht le Kim Jong Un ag an National Aerospace Development Administration roimh lainseáil diúracán balaistíoch idir-ilchríochach (ICBM) mhí an Mhárta 2022 agus ghlac sé páirt i dTaispeántas Náisiúnta Cosanta 2021, ag a taispeánadh córais armán ar cosúil gur córas nua iad. Mar Leas-Stiúrthóir bhí sé i láthair le linn na tástálacha Hwasong-14 ICBM an 4 Iúil 2017 agus an 28 Iúil 2017, agus ag an iniúchadh a rinne Kim Jong Un ar chineál nua fomhuireáin, maidir leis an bhfomhuireán sin, chuir DPDC in iúl go raibh sé beartaithe é a úsáid chun críoch 'straitéiseach', is é sin chun diúracáin bhalaistíocha arna lainseáil ó fhomhuireán a imscaradh, agus gur fomhuireáin é a d'fhéadfadh a bheith in ann soic phléascáin núicléach a iompar an 22 Iúil 2019 agus diúracán balaistíoch a lainseáil an 25 Iúil agus an 30 Iúil 2019, agus an 2 Lúnasa 2019." |

(b) faoin gceannteideal "Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 34(1) agus 34(3)", fo-cheannteideal "(a) Daoine nádúrtha atá ainmnithe i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 34(4)", scriostar iontráil 2.

(c) faoin gceannteideal "Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 34(1) agus 34(3)", fo-cheannteideal "(b) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí arna n-ainmniú i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 34(4)", cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 4 agus 5:

| | Ainm | Ainm eile | Suíomh | Dáta an ainmniúcháin | Faisnéis eile |
|---|---|---|---|---|---|
| "4. | Yongbyon Nuclear Scientific Research Centre<br>녕변 원자력 연구소<br>영변 원자력 연구소 | | | 22.12.2009 | Saoráidí atá in ann ábhar inscoilte a tháirgeadh le haghaidh úsáidí míleata, lena n-áirítear imoibreoir 5MW (e), saoráid athphróiseála plútóiniam (saotharlann raidió-cheimiceach), agus saoráid tuairiscithe saibhrithe úráiniam. Lárionad arna choimeád ag an General Bureau of Atomic Energy (eintiteas a d'ainmnigh CSNA an 16.7.2009). Sa tuarascáil chríochnaitheach uaidh i mí an Mhárta 2022, thug an Painéal Saineolaithe a bunaíodh de bhun Rún 1874 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe dá aire gur tugadh chun críche an obair sheachtrach ar imoibreoir uisce éadrom, agus go raibh obair foirgníochta ar bun ar fhoirgnimh eile ar an láithreán, chomh maith le táscairí go raibh an t-imoibreoir 5MW (e) ag feidhmiú in 2021. Léiríodh le púireanna gaile ón bhfoirgneamh táirgthe dé-ocsaíde úráiniam go leanfadh DPDC d'ábhar inscoilte a tháirgeadh. |
| 5. | Korean People's Army<br>조선인민군 | | | 16.10.2017 | Áirítear leis an Korean People's Army an Strategic Rocket Force, a rialaíonn aonaid núicléacha agus gnáthaonaid diúracán straitéiseach DPDC. Tá an Strategic Rocket Force liostaithe i Rún 2356 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe." |

(d) faoin gceannteideal "Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 34(1) agus 34(3)", fo-cheannteideal "(c) Daoine nádúrtha atá ainmnithe i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 34(4)", cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1 go 6:

| | Ainm | Ainm eile | Faisnéis aitheantais | Dáta an ainmniúcháin | Ráiteas ar chúiseanna |
|---|---|---|---|---|---|
| "1. | JON Il-chun<br>전일춘 | JON Il Chun | Dáta breithe: 24.8.1941<br>Inscne: fireann | 22.12.2010 | Iar-Stiúrthóir ar 'Office 39', oifig de chuid Worker's Party of Korea atá freagrach as airgeadra crua a fháil, agus iar-Ard-Stiúrthóir State Development Bank. Sa cháil sin dó, bhí sé freagrach as acmhainní airgeadais a fháil a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú le clár na ndiúracán núicléach agus balaistíoch. Bhí 'Office 39' i gceannas freisin ar smachtbhannaí a sheachaint trí earraí a cheannach trí ionadaíochtaí taidhleoireachta DPDC. Ionadaí an National Defence Commission, a bhí ina chomhlacht lárnach do chúrsaí cosanta náisiúnta i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, toghadh é ina ardstiúrthóir ar an State Development Bank i Márta 2010. Toghadh mar chomhalta malartach den Elected Workers' Party of Korea Central Committee é i mí na Bealtaine 2016 ag an 7ú Comhdháil den Workers' Party of Korea. |
| 2. | KIM Tong-un<br>김동운 | Kim Tong Un | Dáta breithe: 1.11.1936<br>Inscne: fireann | 22.12.2009 | Iar-stiúrthóir 'Office 39' den Central Committee of the Workers' Party of Korea, coiste a raibh baint aige le maoiniú leata. B'fhéidir gur oibrigh sé freisin in aonad eile den Pháirtí, 'Office 38', chun cistí a bhailiú don cheannaireacht agus do na scothaicmí a d'fhéadfadh tacú le clár na ndiúracán núicléach agus balaistíoch. |
| 3. | Kim Yong Nam<br>김영남 | KIM Yong-Nam, KIM Young-Nam, KIM Yong-Gon | Dáta breithe: 2.12.1947<br>Áit bhreithe: Sinuju, DPRK<br>Inscne: fireann | 20.4.2018 | Tá KIM Yong Nam sainaitheanta ag an bPainéal Saineolaithe mar ghníomhaire de chuid Reconnaissance General Bureau, eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe. Tá sé sainaitheanta ag an bPainéal Saineolaithe go bhfuil baint aige agus ag a mhac KIM Su Gwang le patrún de chleachtais mhíthreoracha airgeadais a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. D'oscail KIM Yong Nam cuntais bainc agus cuntais choigiltis éagsúla san Aontas Eorpach agus bhí baint aige le roinnt aistrithe móra bainc chuig cuntais bainc san Aontas Eorpach nó chuig cuntais lasmuigh den Aontas Eorpach agus é ag obair mar thaidhleoir, lena n-áirítear chuig cuntais in ainm a mhic KIM Su Gwang agus a bhanchliamhain KIM Kyong Hui. |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 4. | DJANG Tcheul Hy<br>장철희 | JANG Tcheul-hy, JANG Cheul-hy, JANG Chol-hy, DJANG Cheul-hy, DJANG Chol-hy, DJANG Tchoul-hy, KIM Tcheul-hy | Dáta breithe: 11.5.1950<br>Áit bhreithe: Kangwon<br>Inscne: baineann | 20.4.2018 | Bhí baint ag DJANG Tcheul Hy, in éineacht lena fear céile KIM Yong Nam, lena mhac KIM Su Gwang agus lena banchliamhain KIM Kyong Hui le patrún de chleachtais míthreoracha airgeadais a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. Bhí roinnt cuntas bainc aici san Aontas Eorpach a d'oscail a mac KIM Su Gwang ina hainm. Bhí baint aici freisin le roinnt aistrithe bainc ó chuntais a bhanchliamhain KIM Kyong Hui chuig cuntais lasmuigh den Aontas. |
| 5. | KIM Su Gwang<br>김수광 | KIM Sou-Kwang, KIM Sou-Gwang, KIM Son-Kwang, KIM Su-Kwang, KIM Soukwang, KIM Su-gwang, KIM Son-gwang | Dáta breithe: 18.8.1976<br>Áit bhreithe: Pyongyang, DPRK<br>Taidhleoir, DPRK Embassy, Belarus<br>Inscne: fireann | 20.4.2018 | Tá KIM Su Gwang sainaitheanta ag an bPainéal Saineolaithe mar ghníomhaire de chuid Reconnaissance General Bureau, eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe. Tá sé sainaitheanta ag an bPainéal Saineolaithe go bhfuil baint aige agus ag a athair KIM Yong Nam le patrún de chleachtais mhíthreoracha airgeadais, a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. D'oscail KIM Su Gwang an iliomad cuntas bainc i roinnt Ballstát, lena n-áirítear faoi ainmneacha daoine muinteartha leis. Bhí baint aige le roinnt aistrithe móra bainc chuig cuntais bainc san Aontas Eorpach nó chuig cuntais lasmuigh den Aontas Eorpach agus é ag obair mar thaidhleoir, lena n-áirítear chuig cuntais in ainm a chéile KIM Kyong Hui. |
| 6. | KIM Kyong Hui<br>김경희 | | Dáta breithe: 6.5.1981<br>Áit bhreithe: Pyongyang, DPRK<br>Inscne: baineann | 20.4.2018 | Bhí baint ag KIM Kyong Hui, in éineacht lena fear céile KIM Su Gwang, a hathair céile KIM Yong Nam agus a máthair chéile DJANG Tcheul Hy le patrún de chleachtais mhíthreoracha airgeadais a d'fhéadfadh cur le cláir DPDC a bhaineann le harmáin núicléacha, le diúracáin bhalaistíocha nó le harmáin ollscriosta eile. Fuair sí roinnt aistrithe bainc óna fear céile KIM Su Gwang agus óna hathair céile KIM Yong Nam agus d'aistrigh sí airgead chuig cuntais lasmuigh den Aontas ina hainm nó in ainm a máthar chéile, DJANG Tcheul Hy." |

(3) Leasaítear Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 1509/2017 mar a leanas:

(a) faoin gceannteideal “Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 34(1) agus 34(3)”, fo-cheannteideal “(a) Daoine nádúrtha”, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1 go 19 agus 21 go 26:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Dáta ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| “1. | KIM Hyok Chan<br>김혁찬 | Dáta breithe: 9.6.1970<br>Pasuimhir: 563410191 | 16.10.2017 | Bhí Kim Hyok Chan ina Rúnaí in ambasáid DPDC in Angóla agus ina ionadaí ar Green Pine, eintiteas atá liostaithe ag na Náisiúin Aontaithe, a rinne conarthaí a chaibidil chun soithí cabhlaigh Angóla a athchóiriú de shárú ar na toirmisc a forchuireadh le Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. |
| 2. | CHOE Chan Il<br>좌찬일 | | 22.1.2018 | Stiúrthóir ar oifig Dandong de Korea Heungjin Trading Company, eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe. Úsáideann KOMID, eintiteas eile atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, Korea Heungjin chun críocha trádála. D’ainmnigh Coiste Smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe KOMID i mí Aibreáin 2009 agus is é príomhdhéileálaí arm DPDC agus príomhonnmhaireoir earraí agus trealaimh a bhaineann le diúracáin bhailistíocha agus le gnáth-armáin. |
| 3. | KIM Chol Nam<br>김철남 | | 22.1.2018 | Stiúrthóir ar bhrainse Dandong de Sobaeksu United Corp atá ainmnithe ag an Aontas. Ionadaí ó bhrainse Bhéising Korea Changgwang Trading Corporation, atá sainaitheanta ag Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe mar ainm eile ar KOMID. D’ainmnigh an Coiste Smachtbhannaí KOMID i mí Aibreáin 2009 agus is é príomhdhéileálaí arm DPDC agus príomhonnmhaireoir earraí agus trealaimh a bhaineann le diúracáin bhailistíocha agus le gnáth-armáin. |
| 4. | JON Chol Young<br>ar a dtugtar freisin: JON Chol Yong<br>전철영 | Pasuimhir: 563410192<br>Taidhleoir DPRK Embassy, Angola<br>Dáta breithe: 30.4.1975 | 22.1.2018 | Iarionadaí Green Pine Associated Corporation in Angóla agus taidhleoir DPDC atá creidiúnaithe chuig Angóla.<br>Tá Green Pine ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe mar gheall ar ghníomhaíochtaí lena n-áirítear sárú ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe. Rinne Green Pine conarthaí a chaibidil freisin chun soithí cabhlaigh Angóla a athchóiriú de shárú ar na toirmisc a forchuireadh le Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. |
| 5. | AN Jong Hyuk<br>ar a dtugtar freisin: An Jong Hyok<br>안정혁<br>안종혁 | Dáta breithe: 14.3.1970<br>Pasuimhir: 563410155 | 22.1.2018 | Ionadaí Saeng Pil Trading Corporation, ainm eile ar Green Pine Associated Corporation, agus taidhleoir DPDC san Éigipt.<br>Tá Green Pine ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe mar gheall ar ghníomhaíochtaí lena n-áirítear sárú ar thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe.<br>Údaraíodh An Jong Hyuk chun gach cineál gnó a dhéanamh thar ceann Saeng Pil, lena n-áirítear conarthaí a shíniú agus a chur chun feidhme agus gnó baincéireachta. Déanann an chuideachta speisialtóireacht i dtógáil soithí cabhlaigh agus i ndearadh, monarú agus suiteáil trealamh cumarsáide leictreonaí agus loingseoireachta mara. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 6. | YUN Chol ar a dtugtar freisin CHOL Yun<br>윤철 | | 22.1.2018 | Tá Yun Chol sainaitheanta ag Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe mar dhuine teagmhála de Chuideachta DPDC General Precious Metal, atá rannpháirteach i litiam-6 a dhíol, earra núicléachghaolmhar ar chuir na Náisiúin Aontaithe cosc uirthi, agus mar thaidhleoir DPDC.<br>Shainaithin an tAontas General Precious Metal roimhe seo mar ainm eile ar Green Pine, eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe. |
| 7. | CHOE Kwang Hyok<br>최광혁 | | 22.1.2018 | Bhí Choe Kwang Hyok ina ionadaí ar Green Pine Associated Corporation, eintiteas ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe.<br>Tá Choe Kwang Hyok sainaitheanta ag Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe mar phríomhfheidhmeannach Beijing King Helong International Trading Ltd, ainm eile ar Green Pine. Ina theannta sin, shainaithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe é mar stiúrthóir ar Hong Kong King Helong Int'l Trading Ltd agus oibreoir eintiteas DPDC ar a dtugtar oifig ionadaíoch Bhéising de Korea Unhasu Trading Company, ar ainmneacha eile ar Green Pine iad freisin. |
| 8. | KIM Chang Hyok<br>ar a dtugtar freisin: James Kim<br>김창혁 | Dáta breithe: 29.4.1963<br>Áit bhreithe: N. Hamgyong<br>Pasuimhir: 472130058 | 22.1.2018 | Tá Kim Chang Hyok sainaitheanta ag Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe mar ionadaí ar Pan Systems Pyongyang sa Mhalaeisia. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas Eorpach as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann.<br>Bhunaigh sé cuntais iolracha sa Mhalaeisia in ainm cuideachtaí caocha de chuid 'Glocom', ar cuideachta chaoch í sin de chuid eintiteas ainmnithe Pan Systems Pyongyang. |
| 9. | PARK Young Han<br>박영한 | | 22.1.2018 | Stiúrthóir Beijing New Technology atá sainaitheanta ag Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe mar chuideachta caoch de KOMID. D'ainmnigh an Coiste Smachtbhannaí KOMID i mí Aibreáin 2009 agus is é príomhdhéileálaí arm DPDC agus príomhonnmhaireoir earraí agus trealaimh a bhaineann le diúracáin bhailistíocha agus le gnáth-armáin.<br>Ionadaí dlíthiúil Guancaiweixing Trading Co., Ltd, a shainaithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe mar sheoltóir earraí míleata chuig an Eiritré a idircheapadh i mí Lúnasa 2012. |
| 10. | RYANG Su Nyo<br>량수니오 | Dáta breithe: 11.8.1959<br>Áit bhreithe: An tSeapáin | 22.1.2018 | Stiúrthóir Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 11. | PYON Won Gun<br>변원군 | Dáta breithe: 13.3.1968<br>Áit bhreithe: S. Phyongan<br>Pasuimhir seirbhíse: 836220035<br>Pasuimhir: 290220142 | 22.1.2018 | Stiúrthóir Glocom, cuideachta tosaigh de chuid Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann.<br>Fógraíonn Glocom trealamh cumarsáide raidió d'eagraíochtaí míleata agus paraimíleata.<br>D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Pyon Won Gun freisin mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. |
| 12. | PAE Won Chol<br>배원철 | Dáta breithe: 30.8.1969<br>Áit bhreithe: Pyongyang<br>Uimhir an Phas Taidhleoireachta: 654310150 | 22.1.2018 | D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Pae Won Chol mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas Eorpach as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. |
| 13. | RI Sin Song<br>리신송 | | 22.1.2018 | D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Ri Sin Song mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. |
| 14. | KIM Sung Su<br>김성수 | | 22.1.2018 | Tá Kim Sung Su sainaitheanta ag Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe mar ionadaí ar Pan Systems Pyongyang sa tSín. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. |
| 15. | KIM Pyong Chol<br>김병철 | | 22.1.2018 | D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Kim Pyong Chol mar náisiúnach de chuid DPDC a oibríonn Pan Systems Pyongyang. Tá Pan Systems Pyongyang sainaitheanta ag an Aontas as cúnamh a thabhairt chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré. Tá Pan Systems á rialú ag Reconnaissance General Bureau, atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 16. | CHOE Kwang Su<br>최광수 | Dáta breithe: 20.4.1955<br>Pasuimhir: 381210143 (dáta éaga: 3.6.2016) | 22.1.2018 | D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe Choe Kwang Su mar ionadaí de chuid Haegeumgang Trading Company. Sa cháil sin dó, shínigh Choe Kwang Su conradh comhair mhíleata DPDC – Mósaimbíc de shárú ar na toirmisc arna bhforchur le Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Bhain an conradh le soláthar arm agus ábhair a bhaineann le hairm do Monte Binga, cuideachta atá faoi rialú Rialtas Mhósaimbíc. |
| 17. | PAK In Su<br>ar a dtugtar freisin: Daniel Pak<br>박인수 | Dáta breithe: 22.5.1957<br>Áit bhreithe: N. Hamgyong<br>Uimhir an phas taidhleoireachta: 290221242 | 22.1.2018 | D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Pak In Su páirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le gual ó DPDC a dhíol sa Mhalaeisia de shárú ar na toirmisc a fhorchuirtear leis na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. |
| 18. | SON Young-Nam<br>손영남 | | 22.1.2018 | D'aithin Painéal Saineolaithe na Náisiún Aontaithe go bhfuil Son Young-Nam páirteach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le smuigleáil óir agus earraí eile go DPDC sa Mhalaeisia de shárú ar na toirmisc a fhorchuirtear le rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. |
| 19. | KIM Il-Su<br>ar a dtugtar freisin KIM Il Su<br>김일수 | Dáta breithe: 2.9.1965<br>Áit bhreithe: Pyongyang, DPRK. | 3.7.2015 | Bainisteoir i roinn athárachais an Korea National Insurance Corporation (KNIC) atá lonnaithe sa cheanncheathrú in Pyongyang agus iar-phríomh-ionadaí údaraithe KNIC in Hamburg, ag gníomhú thar ceann KNIC nó faoina stiúir. |
| 21. | CHOE Chun-Sik<br>ar a dtugtar freisin CHOE Chun Sik<br>최천식 | Dáta breithe: 23.12.1963<br>Áit bhreithe: Pyongyang, DPRK.<br>Pasuimhir: 745132109<br>Bailí go dtí an 12.2.2020 | 3.7.2015 | Bainisteoir i roinn athárachais an Korea National Insurance Corporation (KNIC) atá lonnaithe sa cheanncheathrú in Pyongyang agus iar-phríomh-ionadaí údaraithe KNIC in Hamburg, ag gníomhú thar ceann KNIC nó faoina stiúir. |
| 22. | SIN Kyu-Nam<br>ar a dtugtar freisin SIN Kyu Nam<br>신규남 | Dáta breithe: 12.9.1972<br>Áit bhreithe: Pyongyang, DPRK.<br>Pasuimhir: PO472132950 | 3.7.2015 | Stiúrthóir i roinn athárachais an Korea National Insurance Corporation (KNIC) atá lonnaithe sa cheanncheathrú in Pyongyang agus iarionadaí údaraithe KNIC in Hamburg, ag gníomhú thar ceann KNIC nó faoina stiúir. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 23. | PAK Chun-San<br>ar a dtugtar freisin PAK Chun San<br>박천산 | Dáta breithe: 18.12.1953<br>Áit bhreithe: Pyongyang, DPRK.<br>Pasuimhir: PS472220097 | 3.7.2015 | Stiúrthóir i roinn athárachais an Korea National Insurance Corporation (KNIC) atá lonnaithe sa cheanncheathrú in Pyongyang go dtí mí Nollag 2015 ar a laghad agus iar-phríomh-ionadaí údaraithe KNIC in Hamburg, fós ag gníomhú ar son nó thar ceann KNIC nó faoina stiúir. |
| 24. | SO Tong Myong<br>서동명 | Dáta breithe: 10.9.1956 | 3.7.2015 | IarUachtarán Korea National Insurance Corporation (KNIC), iarChathaoirleach KNIC Executive Management Committee (Meitheamh 2012); iarBhainisteoir Ginearálta KNIC, Meán Fómhair 2013, ag gníomhú thar ceann KNIC nó faoina stiúir. |
| 25. | PAK Hwa Song<br>ar a dtugtar freisin PAK Hwa-Song<br>박화성 | Comhbhunaitheoir na cuideachta CONGO ACONDE<br>Áit bhreithe: DPRK<br>Pasuimhir: 654331357<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Democratic Republic of the Congo (DRC) | 21.4.2022 | Tá Pak Hwa Song i mbun imghabháil smachtbhannaí agus tá sé freagrach as tacaíocht airgeadais a thabhairt do chláir núicléacha agus bhalaistíocha DPDC. Tá sé ina chomhbhunaitheoir ar an gcuideachta CONGO ACONDE, cuideachta tosaigh de chuid PAEKHO TRADING CORPORATION. Tá baint ag PAEKHO le dealbha a onnmhairiú chuig roinnt tíortha Fo-Shaháracha de shárú ar smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe. De shárú ar rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, d'oscail Pak cuntas bainc freisin i mbrainse de chuid banc in Lubumbashi atá bunaithe i gCamarún. Oibríonn Pak le Hwang Kil Su. Cuireann sé seirbhísí airgeadais ar fáil lena dtacaítear le réimeas agus le cláir núicléacha DPDC. |
| 26. | HWANG Kil Su<br>ar a dtugtar freisin HWANG Kil-Su<br>황길수 | Comhbhunaitheoir na cuideachta CONGO ACONDE<br>Áit bhreithe: DPRK<br>Pasuimhir: 654331363<br>Náisiúntacht: DPRK<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Democratic Republic of the Congo (DRC) | 21.4.2022 | Tá Hwang Kil Su i mbun imghabháil smachtbhannaí agus tá sé freagrach as tacaíocht airgeadais a thabhairt do chláir núicléacha agus bhalaistíocha DPDC. Tá sé ina chomhbhunaitheoir ar an gcuideachta CONGO ACONDE, cuideachta tosaigh de chuid PAEKHO TRADING CORPORATION. Tá baint ag PAEKHO le dealbha a onnmhairiú chuig roinnt tíortha Fho-Shaháracha de shárú ar rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. De shárú ar rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, d'oscail Hwang cuntas bainc freisin i mbrainse de chuid banc in Lubumbashi atá bunaithe i gCamarún. Oibríonn Hwang le Pak Hwa Song. Cuireann sé seirbhísí airgeadais ar fáil lena dtacaítear le réimeas agus le cláir núicléacha DPDC.” |

(b) faoin gceannteideal "Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 34(1) agus 34(3)", fo-cheannteideal "(b) Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí", cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 1 go 4, 6 agus 8:

| | Ainm (agus ainmneacha féideartha eile) | Faisnéis aitheantais | Dáta an ainmniúcháin | Cúiseanna |
|---|---|---|---|---|
| "1. | Korea International Exhibition Corporation<br>조선국제전람사 | Jungsong-dong, Central District, Sungri St, Pyonyang, DPRK<br>Teil: 850 2 381 5926<br>kiec@silibank.net.kp | 16.10.2017 | Chuidigh an Korea International Exhibition Corporation le heintitis ainmnithe chun smachtbhannaí a imghabháil trí Aonach Trádála Idirnáisiúnta Pyongyang a óstáil, a thugann deis d'eintitis ainmnithe smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe a shárú trí leanúint de ghníomhaíocht eacnamaíoch. |
| 2. | Korea Rungrado General Trading Corporation<br>ar a dtugtar freisin Rungrado Trading Corporation<br>조선릉라도무역총회사 | Seoladh: Segori-dong, Pothonggang District, Pyongyang, DPRK<br>Teil: 850-2-18111-3818022<br>Facs: 850-2-3814507<br>Seoladh rphoist: rrd@co.chesin.com | 16.10.2017 | Thuairiscigh an Painéal Saineolaithe gur chabhraigh Korea Rungrado General Trading Corporation le smachtbhannaí arna bhforchur leis na Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a shárú trí dhiúracáin Scud a dhíol leis an Éigipt. |
| 3. | Maritime Administrative Bureau<br>ar a dtugtar freisin Maritime Administration of DPR Korea<br>조선민주주의인민공화국 국가해사감독국 | Seoladh: Ryonhwa-2Dong, Central District, Pyongyang, DPRK<br>PO Box 416<br>Teil 850-2-18111 Ex 8059<br>Facs: 850 2 381 4410<br>Rphost: mab@silibank.net.kp<br>Suíomh gréasáin: www.ma.gov.kp | 16.10.2017 | Chuidigh an Maritime Administrative Bureau le smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint, lena n-áirítear trí shócmhainní eintiteas ainmnithe a athainmniú agus a athchlárú agus trí dhoiciméadú bréagach a sholáthar do shoithí atá faoi réir smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4. | Pan Systems Pyongyang<br><br>ar a dtugtar freisin Wonbang Trading Co.; Glocom; International Golden Services; International Global System | Seoladh: Room 818, Pothonggang Hotel, Ansan-Dong, Pyongchon district, Pyongyang, DPRK. | 16.10.2017 | Tá cúnamh tugtha ag Pan Systems chun smachtbhannaí arna bhforchur ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a sheachaint trí iarracht a dhéanamh airm agus ábhair ghaolmhara a dhíol leis an Eiritré.<br><br>Ina theannta sin, tá Pan Systems faoi rialú ag Reconnaissance General Bureau, eintiteas atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe, agus oibríonn sé thar a cheann. |
| 6. | Korea General Corporation for External Construction (Ainmneacha eile: KOGEN, GENCO)<br><br>조선대외건설총회사 | Seoladh: Taedonggang District, Pyongyang, Democratic People’s Republic of Korea | 21.4.2022 | Mar chuideachta ghairmiúil tógála thar lear, bíonn an Korea General Corporation for External Construction (KOGEN) ag brath ar oibrithe oilte a sheoladh thar lear, de réir an chur i láthair a rinneadh ar Naenara, tairseach oifigiúil idirlín DPDC, agus tá tionscadail curtha i gcrích aici in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, i gCuáit, i gCatar, in Éimin, sa Rúis, sa Libia agus sa Mhongóil. Tá brainsí áitiúla bunaithe aici freisin, mar shampla sa tSaimbia. Dá bhrí sin, tá Kogen i mbun smachtbhannaí a imghabháil agus tá sí freagrach as tacaíocht airgeadais a thabhairt do chláir núicléacha agus bhalaistíocha DPDC ós rud é go ndéanann sí pá iomlán nó cuid de phá na n-oibrithe a sheolann sí thar lear a aistriú chuig an réimeas, cleachtas a thoirmisctear le Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. |
| 8. | Korea Paekho Trading Corporation<br><br>(Ainm eile: Joson Paekho Muyok Hoesa)<br><br>조선백호무역회사 | Seoladh: Chongryu 3-dong, Taedonggang District, Pyongyang, Democratic People’s Republic of Korea | 21.4.2022 | Is cuideachta ealaíne é Paekho Trading Corporation a bhfuil baint aige le dealbha a thógáil thar lear, dealbha saothair ealaíne arna dtáirgeadh ag Paekho Art Studio a onnmhairiú, agus éascaíonn sé saothar aindleathach agus rochtain ar chórais airgeadais idirnáisiúnta. Díríonn sé go sonrach ar dheontais agus iasachtaí forbartha, chomh maith le hinfheistíocht dhíreach choigríche atá curtha in áirithe do thionscadail bhardasacha. Dá bhrí sin, bíonn sé ag teacht timpeall ar smachtbhannaí agus tá sé freagrach as tacaíocht airgeadais a thabhairt do chláir núicléacha agus bhalaistíocha DPDC.” |